


Gníomhaíocht Daltaí: Ag iniúchadh na n-athruithe i gcás ciúib: nuair a athraíonn fad slios ciúib, céard a tharlaíonn ansin d'achar éadan an chiúib, d'achar iomlán an chiúib agus do thoirt an chiúib?

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Ciúb', ar CD an Dalta.



1. Má tá slios amháin de chiúb 2 cm ar fad, cén fad atá i sleasa eile an chiúib?
-

2. Líon isteach an tábla thíos do chiúbanna nuair atá fad slios amháin ar eolas:


Fad slios ciúib	Achar éadan amháin den chiúb
0	
1	
2	
3	
4	
5	
6	

3. Cuir síos, i d'fhocail féin, ar an bpatrún athraithe i gcás achar éadan ciúib, má athraíonn fad slios ciúib. Cén patrún atá le sonrú?
-
-

4. Scríobh foirmle a léiríonn an patrún a bhaineann leis an athrú achair i gcás éadan ciúib (A), má athraíonn fad slios amháin (L) den chiúb.
-

5. Cé acu coibhneas líneach, coibhneas cearnach nó coibhneas easpónantúil atá idir fad slios ciúib agus achar éadan ciúib? Mínigh.
-
-

6. Tarraing graf thíos d'achar éadan ciúib de réir mar a athraíonn fad slios ciúib.



7. Líon isteach an tábla thíos d'achar dromchla ciúib nuair atá fad slios amhán ar eolas:

Fad slios ciúib	Achar dromchla iomlán an chiúib
0	
1	
2	
3	
4	
5	
6	

8. Cuir síos, i d'fhocail féin, ar an bpatrún athraithe i gcás achar dromchla iomlán ciúib nuair a athraíonn fad slios ciúib. Cén patrún atá le sonrú?
-

9. Scríobh foirmle a léiríonn an patrún a dhéanann an t-athrú ar achar dromchla iomlán ciúib de réir mar a athraíonn fad slios ciúib.
-

10. Cé acu coibhneas líneach, coibhneas cearnach, coibhneas easpónantúil nó coibhneas éigin eile atá idir fad slios ciúib agus achar dromchla iomlán an chiúib? Mínigh.
-
-

11. Tarraing graf ar an léaráid thus (Ceist 6) a léiríonn an t-athrú ar achar dromchla iomlán ciúib de réir mar a athraíonn fad slios ciúib.

12. Líon isteach an tábla seo do thoirt chiúib nuair atá fad slios amháin den chiúb ar eolas:

Fad slios ciúib	Toirt an chiúib
0	
1	
2	
3	
4	
5	
6	

13. Cuir síos i d'fhocail féin , ar an bpatrún athraithe i gcás toirt chiúib nuair a athraíonn fad slios ciúib. Cén patrún atá le sonrú?
-
-
-


14. Scríobh foirmle a léiríonn an patrún a dhéanann an t-athrú ar thoirt chiúib de réir mar a athraíonn fad slios ciúib.
-
-

15. Cé acu coibhneas líneach, coibhneas cearnach, coibhneas easpónantúil nó coibhneas éigin eile atá idir fad slíos ciúib agus toirt chiúib? Mínigh.

16. Tarraing graf ar an léaráid thus (Ceist 6) a léiríonn an t-athrú ar thoirt chiúib de réir mar a athraíonn fad slíos ciúib.

17. An mar a chéile do chuid graf agus an rud atá le feiceáil sa chomhad idirghníomhach?

18. Cé acu líontán thíos ar líontán ciúib é?



19. Seiceáil an comhad idirghníomhach: an mbíonn an figiúr don achar dromchla iomlán níos mó ná an figiúr don toirt i gconaí? Mínigh.

Dúshlán

Dá mhéad an t-achar dromchla is ea is tapúla a fhuaraíonn réad. Agus, dá mhéad í toirt réad beo is ea is mó a acmhainn ghinte teasa.

20.

- i. Cé na himpleachtaí a bheadh ansin do réad a ghineann teas agus a raibh cóimheas ard toirte is achair dhromchla aige?

 - ii. Cé na himpleachtaí a bheadh ann do réad a ghineann teas agus a mbeadh cóimheas íseal toirte is achair dhromchla aige?
-

21. Cén fáth a mbíonn sé tábhachtach éadaí teolaí a chur ar pháistí óga?
